C/2024/6734

4.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Case M.11615 – JBT / MAREL)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6734)

1. An 23 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— John Bean Technologies Corporation ('JBT', na Stáit Aontaithe)

— Marel hf. ('Marel', an Íoslainn)

Gheobhaidh JBT rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Marel ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 05 Aibreán 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann JBT réitigh agus seirbhísí próiseála bia tionsclaíocha ar fáil a úsáidtear le haghaidh feidhmchlár sa tionscal próiseála bia domhanda. Déanann sé córais a dhearadh, a mhonarú agus a sheirbhísiú don tionscal bia, agus roinnt feidhmeanna neamhbhia amhail cógaisíocht (chomh maith le páirteanna spártha agus seirbhísí iardhíola gaolmhara). Tá gnó JBT roinnte ina dhá roinn, is iad sin (i) Próitéin; agus (ii) Bia & Sláinte Éagsúlaithe ('DF&H').

— Tá Marel gníomhach ar fud an domhain i ndéantúsaíocht agus soláthar trealaimh agus córas don tionscal próiseála bia. Cuireann sé trealamh ar fáil chun éanlaith chlóis, feoil dhearg, iasc, agus bia plandabhunaithe agus bia peataí a phróiseáil (chomh maith le páirteanna spártha agus seirbhísí iardhíola gaolmhara). Eagraíonn sé a ghnó thar cheithre roinn, is iad sin (i) Éanlaith chlóis; (ii) Feoil; (iii) Iasc; agus (iv) Plandaí, Peataí agus Beatha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11615 – JBT / MAREL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Seoladh poist:
European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË